Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Samhain 2015
(OR. en)

11653/3/15
REV 3

ATO 41
SAN 264
PROCIV 53

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Ulmhacht agus Freagairt i gcás Éigeandái Núicléach lasmuigh den Láthair = Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo an tríú leagan athbhreithnithe de na Conclúidí ón gComhairle maidir le hullmhacht agus freagairt i gcás éigeandáil núicléach lasmuigh den láthair. Sa leagan athbhreithnithe seo léirítear toradh an phlé a bhí ann ag an gcruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Adamhacha (WPAQ) an 4 Samhain. Léirítear na hathruithe a rinneadh ar 11653/2/15 REV 2 i g**cló trom** agus le [...].

Tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht na dréacht-Chonclúidí sin a thabhairt chun críche le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh ag an Meitheal um Cheisteanna Adamhacha an 27 Samhain 2015. Ba mhaith leis an Uachtaránacht a mheabhrú gur tháinig an Mheitheal um Cheisteanna Adamhacha ar chomhaontú maidir leis an gcuid is mó den téacs an 4 Samhain. Ba i ndáil leis na míreanna a leanas amháin a bhí forchoimeádas fós ag roinnt toscaireachtaí:

– an chéad dá phointe le hurchar faoi phointe 1 ar leathanach 5,
– an chéad mhír agus an dara mír faoi phointe 2 ar leathanach 6,
– an chéad mhír agus an dara mír ar leathanach 7.

Ina theannta sin, chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a léirigh roinnt toscaireachtaí le linn an chruinnithe a bhí ann an 4 Samhain, molann an Uachtaránacht go gcuirfí isteach an dá phíosa breise a leanas:

– an dara mír ar leathanach 6,
– an chuid dheireanach den chéad mhír ar leathanach 7.

Iarrann an Uachtaránacht ar na toscaireachtaí scrúdú a dhéanamh ar an bhfoclaíocht a moladh don dá mhír sin sa doiciméad seo agus don dá phíosa breise, agus a dheimhniú ag an gcruinniú a bheidh ag an Meitheal um Cheisteanna Adamhacha an 27 Samhain an féidir leo teacht ar chomhaontú ar théacs na míreanna sin nó nach féidir.

Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le hullmhacht agus freagairt i gcás éigeandáil núicléach lasmuigh den láthair

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

AG ATHDHEARBHÚ DI go bhfuil sé fíorthábhachtach saoránaigh a chosaint go héifeachtach ó iarmhairtí na radaíochta ianúcháin i gcás éigeandálaí lena n-áirítear iarmhairtí ar de bhunadh núicléach iad,

AGUS Í FEASACH go bhfuil socruithe don ullmhacht agus don fhreagairt i gcás éigeandála i bhfeidhm le blianta anuas i mBallstáit an Aontais agus go ndéantar iad a thástáil agus a chleachtadh go rialta,

AG AITHINT DI go bhféadfadh sé go mbeadh feidhm ag na socruithe agus na bearta atá infheidhme maidir le héigeandálaí núicléacha, i ndáil le héigeandálaí raideolaíocha eile,

AG AITHINT DI gur freagracht náisiúnta é socruithe don ullmhacht agus don fhreagairt éigeandála a dhéanamh, ach mar sin féin ag cuimhneamh di gur féidir le hiarmhairtí timpiste núicléach teorainneacha náisiúnta a thrasnú,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ngá atá le bearta cosanta comhtháite ar feadh na dteorainneacha náisiúnta atá cóngarach dá chéile, chun pobail a chosaint ó iarmhairtí na radaíochta ianúcháin i gcás éigeandála, mar choinníoll riachtanach d'éifeachtúlacht na bainistithe éigeandála,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar na buntáistí a bhaineann leis an tsochaí shibhialta a thabhairt isteach ar na gníomhaíochtaí ullmhachta, go háirithe [...] **agus** cleachtaí éigeandála núicléacha **agus raideolaíocha á n-eagrú**, d'fhonn muinín an phobail sna socruithe a mhéadú,

AG CREIDIÚINT DI gur gá príomhúdaráis inniúla na mBallstáit a thabhairt le chéile, a roghnófaí as measc rialtóirí na sábháilteachta núicléiche, saineolaithe agus rialtóirí na cosanta radaíochta, eagraíochtaí na tacaíochta teicniúla agus, go príomha, údaráis na cosanta sibhialta, le haghaidh na ngníomhaíochtaí chun feabhas a chur chúrsaí i ndáil le hullmhacht agus freagairt i gcás éigeandála,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá córais cúnaimh fhrithpháirtigh ar leibhéal an Aontais, chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní agus as cumais speisialaithe i gcás éigeandála [...] agus leas a bhaint astu go tapa, agus aird á tabhairt ar na sásraí atá ann cheana amhail RANET agus na córais náisiúnta,

AG ATHDHEARBHÚ DI tiomantas na mBallstát, an Aontais Eorpaigh agus Euratom feabhas a chur ar an bhfreagairt d'éigeandálaí núicléacha, agus ar an gcomhordú trasteorann freisin,

AG MEABHRÚ DI Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle ina bhfuil forálacha éagsúla atá infheidhme maidir le hullmhacht agus freagairt i gcás éigeandála, Treoir 2014/87/Euratom ón gComhairle lena gcuirtear de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go mbunófar struchtúr eagrúcháin don ullmhacht agus don fhreagairt ar an láthair i gcás éigeandála, lena bhforlíontar, ar an dóigh sin, ceanglais Threoir 2013/59/Euratom ón gComhairle, Cinneadh 87/600/Euratom ón gComhairle maidir le socruithe Comhphobail le haghaidh malartú luath faisnéise i gcás éigeandáil raideolaíoch agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta,

AG MEABHRÚ DI an Coinbhinsiún ar Shábháilteacht Núicléach[1], an Coinbhinsiún Comhpháirteach maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Breosla Spíonta agus maidir le Sábháilteacht i mBainistiú Dramhaíola Radaighníomhaí[2], an Coinbhinsiún um Chúnamh i gcás Taisme Núicléach nó Éigeandáil Raideolaíoch do Tharlú[3] agus an Coinbhinsiún um Luath-Fhógra i dtaobh Taisme Núicléiche[4],

---

1 IAEA INFCIRC/449
2 IAEA INFCIRC/546
3 IAEA INFCIRC/336
4 IAEA INFCIRC/335

AG MEABHRÚ DI gurb amhlaidh, de réir Airteagal 99 de Threoir 2013/59/Euratom ón gComhairle, go n-oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le Ballstáit eile agus le tríú tíortha chun aghaidh a thabhairt ar éigeandálaí a d'fhéadfadh a bheith ann ar a gcríoch agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar Bhallstáit eile nó ar thríú tíortha, d'fhonn gur fusa a bheidh sé an chosaint raideolaíoch a eagrú sna Ballstáit sin nó sna tríú tíortha sin,

AG AITHINT DI an obair atá déanta ag saineolaithe náisiúnta, údaráis inniúla agus rialtóirí faoi chuimsiú HERCA agus WENRA, maidir le feabhas a chur ar an gcur chuige trasteorann i dtaobh bearta cosanta a chomhordú i gcás taisme núicléach,

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar iarrachtaí na mBallstát Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle a chur chun feidhme agus, dá bhrí sin, feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta maidir le héigeandáil a bhainistiú a mbeadh iarmhairtí trasteorann uirthi,

AG AITHINT DI go bhfuil áiméar anois ann, le trasuí agus cur chun feidhme Threoir 2013/59/Euratom ón gComhairle, cur leis an tuiscint fhrithpháirteach agus féachaint arís ar na socruithe atá ann faoi lathaí ragús, ar an dóigh sin, an comhtháthú a neartú san Aontas maidir le hullmhacht agus freagairt i gcás éigeandála,

1. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

– ceardlanna a eagrú le gur fusa a bheidh sé Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle a thrasuí agus a chur chun feidhme go comhsheasmhach, agus é mar aidhm cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir leis na forálacha atá sa Treoir i ndáil le hullmhacht agus freagairt i gcás éigeandála, go háirithe idir Ballstáit chomharsanachta agus le tríú tíortha comharsanachta, [...] go mór mór maidir leis na hábhair seo a leanas a bhaineann leis an gcosain ar radaíocht:

  - Straitéisí don chosaint agus cuir chuige don bharrfheabhsú, lena n-áirítear leas a bhaint as leibhéil tagartha,
  - Critéir chineálacha, critéir oibriúcháin, truicir réamhshocraithe,
  - Socruithe maidir leis an athrú ó staid neamhchosanta éigeandála go dtí staid neamhchosanta reatha,
  - Socruithe maidir le freagairt i gcás éigeandála agus faisnéis don phobal,

– tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na bhforálacha sin de Threoir 2013/59/Euratom a bheidh infheidhme maidir le hullmhacht agus freagairt éigeandála (EP&R), ach a mbeidh an Treoir trasuite

– **leas a bhaint as na sásraí atá ann cheana le tríú tíortha comharsanachta a chur ar an eolas faoi chur chun feidhme forálacha feabhsaithe maidir le hullmhacht agus freagairt éigeandála sna Ballstáit faoi Threoir 2013/59/Euratom,**

2. IARRANN SÍ ar na Ballstáit:

– an obair atá déanta ag saineolaithe náisiúnta, **údaráis inniúla** agus rialtóirí maidir le cur chuige trasteorann feabhsaithe i ndáil le bearta cosanta i gcás tionóisc núicléach, a chur san áireamh, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le himthosca náisiúnta, agus forálacha Threoir 2013/59/Euratom ón gComhairle á dtrasuí agus á gcur chun feidhme,

– **[...] comhoibriú** go dlúth lena chéile nuair a bheidh criosanna pleanála éigeandála á mbunú nó athbhreithniú á dhéanamh ar chriosanna atá ann cheana thart ar stáisiúin núicléacha i gcás ina síníonn na criosanna sin chomh fada le teorainneacha Ballstáit nó tharstu,

– faisnéis a mhalartú maidir leis na bearta atá beartaithe nó curtha chun feidhme, chun críocha an réamhchúraim, chun iarmhairtí fadtéarmacha a íoslaghdú, in áiteanna atá lasmuigh de na criosanna pleanála éigeandála, **i gcás ina bhfuil na háiteanna sin buailte ar theorainneacha Ballstáit nó taobh thall daoibh,** agus aird á tabhairt ar shainiúlachtaí áitiúla, ar pharaiméadair theicniúla na suiteála agus ar na socruithe atá ann cheana don chomhar trasteorann,

– dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, seisiúin oiliúna chomhpháirteacha agus [...] cleachtaí éigeandála núicléiche **comhpháirteacha ar gheall le fíorchásanna éigeandála** iad a eagrú go rialta **agus tiomantas na ngeallsealbhóirí go léir a dheimhniú,** leis an gcuspóir socruithe trasteorann a thástáil. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an oiliúint agus ag na cleachtaí sin taithí a roinnt go frithpháirteach, dea-chleachtas a chur chun cinn, torthaí a mhalartú agus éifeachtacht na socruithe EP&R a fheabhsú go leanúnach, agus ag an am céanna úsáid a bhaint as na sásraí idirnáisiúnta atá ann cheana amhail ConVEX agus/nó INEX más iomchuí, chomh maith le córas an Chomhphobail Eorpaigh don Mhalartú Faisnéise i gcás Éigeandáil Raideolaíoch (ECURIE) agus an tArdán Eorpach um Malartú Sonraí Radaighníomhaíochta (EURDEP), **agus an deis a thabhairt don Choimisiún freastal ar an oiliúint agus ar na cleachtaí sin,**

– [...] bileoga eolais a mhalartú [...] a bhaineann go sonrach le tír faoi leith**, agus** an Córas Bainistithe Faisnéise don Ullmhacht agus Freagairt i gcás Éigeandála (EPRIMS) atá ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach **á chur san áireamh, chun cur leis an eolas atá ag na tíortha ar shocruithe EP&R a chéile,**

– socruithe déthaobhacha a fhorbairt agus a chothabháil, de réir mar is gá, chun comhordú trasteorann níos fearr a dhéanamh ar bhearta cosanta le linn freagartha i gcás tionóisc núicléach [...]

– ailíniú na mbeart cosanta ar feadh na dteorainneacha a chur san áireamh sa chinnteoireacht éigeandála, i gcomhréir leis an straitéis don chosaint bharrfheabhsaithe,

– machnamh a dhéanamh ar an bprionsabal gur cheart, agus bearta cosanta le cur i bhfeidhm sna huaireanta an chloig díreach tar éis tionóisce, na bearta a chuirtear i bhfeidhm sa Bhallstát inar tharla an tionóisc a chur san áireamh, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas ón mBallstát sin, agus aird á tabhairt ar Airteagal 99(2) de Threoir 2013/59/Euratom ón gComhairle.